

Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2020–2022

Ár Misean

Freastal ar an bpobal
trí chánacha agus trí
dhleachtanna a bhailiú go
cothrom agus go héifeachtach
agus trí rialuithe Custam a
chur i bhfeidhm

Seirbhísí do Chomhlíontacht

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na
córais riartha chánach agus
custam is mó chun tosaigh
le muinín an phobail agus a
bheith ar an rogha fostóra

Réamhrá an Bhoird

Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa gheilleagar trí chánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát a bhailiú. Comhartha spreagúil go bhfuil ár straitéisí ag obair is ea go bhfuil méadú leanúnach ag teacht ar fháltais an Stáitchiste agus go bhfuil na leibhéil iontacha chomhlíontachta leis an dlí cánach agus custam ag feabhsú fós. Ar an láimh eile, tá na timpeallachtaí geilleagracha agus gnó ag síorathrú agus ní mór dúinn coinneáil leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn a réamh-mheas agus freagra éifeachtacht a thabhairt orthu.

Cruthóidh na trí bliana amach romhainn dúshláin ar leith. Mar gheall ar imeacht na Ríocht Aontaithe ón Aontas Eorpach, iarrtar orainn rialuithe custam a chur i bhfeidhm ar bhealach a thacaíonn le trádáil dhlísteanach agus a bhainistíonn riosca comhlíontachta agus a thugann aghaidh ar thrádáil neamhdhlísteanach. Tá forbairt ag teacht ar an gclár oibre cánach idirnáisiúnta i gcónaí agus tabharfaidh muid tacaíocht don Aire Airgeadais agus dá Rannóg sa timpeallacht sin.

Tá croí-straitéisí sainaitheanta againn a mhúnlóidh agus a threoraíodh ár ngníomhaíochtaí trínár *dTosaíochtaí Corparáideacha* bliantúla le linn na dt trí bliana amach romhainn. Agus ár gcreataí comhlíontachta cánach agus dleachta á bhforbairt, déanfaidh muid gnéithe nua a ‘dhearadh isteach’ chun comhlíontacht a dhéanamh níos éasca agus deiseanna i leith neamhchomhlíontacht a ‘dhearadh amach’ chomh fada agus is féidir. Glacfaidh muid le cur chuige saincheaptha maidir le rioscaí a bhainistiú agus oibreoidh muid go comhoibritheach lenár bpríomh-chomhpháirtithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá ár ndaoine lárnach inár gcur chuige agus inár bhfeidhmíocht agus déanfaidh muid bainistiú gníomhach ar an gcaillteanas leanúnach ball foirne le taithí trí scor. Tabharfaidh muid tacaíocht dár bhfoireann agus cuirfidh muid ar a gcumas feidhmiú ag na leibhéil is airde agus ról fiúntach agus luachmhar a imirt san eagraíocht. Leanfaidh muid ar aghaidh ag infheistiú go straitéiseach sa teicneolaíocht mar bhealach chun a chinntiú go mbainfidh muid torthaí amach agus go bhfeidhmíonn muid go comhsheasmhach agus go caighdeán ard.

Leanfaidh muid lenár straitéis agus lenár struchtúr a fhorbairt le cinntiú go bhfuil an acmhainn agus an cumas againn aghaidh a thabhairt ar iompar cáiníocóirí ar bhealach a chinntíonn freagra comhsheasmhach uainn ar fud gach gné dár gcuid oibre.

Cuirfidh muid lenár sainardán digiteach agus leis an Nua-Aoisíú ÍMAT trí chórais nuálacha dhinimiciúla a dhearadh. Ach é seo a dhéanamh beidh muid ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh i réimse na ngníomhaíochtaí fíor-ama agus na gclár uathoibríoch.

Niall Cody
Cathaoirleach



Gerry Harrahill
Coimisinéir



Michael Gladney
Coimisinéir



Ár gCroí-Luachanna

Meas

Glacann muid le hionracas cáiníocóirí agus iad ag plé linn. Nuair a bhíonn cúis lena mhalairt a chreidiúint, gníomhaíonn muid dá réir. Caitheann muid le daoine le dínit i gcónaí.



Gairmiúil

Tá muid gairmiúil inár gcuid oibre, agus díríonn muid ar cháilíocht, tráthúlacht, cruinneas agus comhsheasmhacht.



Comhoibriú

Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le comhghleacaithe, cáiníocóirí agus geallsealbhoirí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann muid go gníomhach leis na cuspóirí comhroinnte atá á mbaint amach ar fud na Státseirbhíse agus na hEarnála Poiblí.



Gastacht

Tá muid solúbtha agus sofhreagrach. Tugann muid tacaíocht agus spreagadh don fhoireann a bheith nuálach agus chun feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a n-oibríonn muid.



Ionracas

Tá muid ionraic, cuntasach agus trédhearcach. Nuair a dhéanann muid botún, aithníonn muid é seo agus cuireann muid cuí air.



Aghaidh a Thabhairt ar Ár Misean: An Dá Bhuncloch

Seirbhísí do Chomhlíontacht

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhchomhlíontacht

Croí-obair na gCoimisinéirí Ioncaim is ea cánacha agus dleachtanna a bhailiú. Baineann muid é seo amach trí sheirbhís den scoth a chur ar fáil trína dtacaítear le comhlíontacht shaorálach a chur ar fáil agus le freagairt dhaingean a thabhairt ar neamhchomhlíontacht. Cuirfidh muid réimse beart i bhfeidhm thar an dá bhuncloch seo.

Comhlíontacht Shábháilte a bhaint amach trí Dhearadh agus Seirbhís den Scoth

Déanfaidh muid na deiseanna atá ann i leith neamhchomhlíontacht a chosc nó a íoslaghdú, is cuma an trí earráid, seachaint nó imghabháil a tharlaíonn siad, trí chreat cánach dea-dheartha le tacaíocht ó reachtaíocht láidir. Leanfaidh muid orainn ag baint leas as deiseanna, amhail réamhlíonadh tuairisceán cánach, chun feabhas a chur ar thaithí na gcáiníocóirí agus chun an riosca neamhchomhlíontachta a íoslaghdú. Forbróidh muid an tuairisciú fíor-ama ar chánacha agus dleachtanna. Agus aitheantas á thabhairt againn do ról lárnach na ngníomhairí cánach agus custam agus na n-idirghabhálaithe chun tacú le comhlíontacht shaorálach, déanfaidh muid cíoradh ar an mbealach a fhéadann muid oibriú leo chun comhlíontacht a fheabhsú trí Sheirbhís Theicniúil na gCoimisinéirí Ioncaim agus trí fhorbairtí eile.

Ár gCur Chuige Riosca-Bhunaithe i ndáil le Neamhchomhlíontacht

Neartóidh muid ár dtuiscint ar iompar comhlíontachta cánach agus dleachta cáiníocóirí agus a gcuid gnóthaí. Leanfaidh muid orainn ag aithint agus ag feidhmiú cuir chuige saincheaptha i leith sciartha cáiníocóirí chun riosca a laghdú agus chun tacú le comhlíontacht. Laghdóidh muid ualach na comhlíontachta ar cháiníocóirí a bhfuil suimeanna beaga ioncaim féinmheasúnaithe acu.

Tabharfaidh muid aghaidh ar neamhchomhlíontacht ar bhealach comhsheasmhach, ag cinntiú go mbraitheann cineál, déine agus iarmhairtí ár n-idirghabhálacha comhlíontachta ar iompar na gcáiníocóirí. Déanfaidh muid ár gcineálacha idirghabhálacha a bheachtú chun an éifeachtúlacht is mó agus is féidir a chinntiú. Láidreoidh muid ár n-úsáid as anailísíocht sonraí agus faisnéis chun díriú níos fearr ar rioscaí i leith imghabháil dleachta agus cánach, calaois, coireacht eagraithe, drugaí, trádáil neamhdhleathach agus smuigleáil.

Ag oibriú le Comhpháirtithe chun Dul i nGleic le Dúshláin Idirnáisiúnta

Oibreoidh muid leis an Roinn Airgeadais, an Roinn Gnóthaí Eachtracha & Trádála, Roinn an Taoisigh, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus gníomhaireachtaí eile Stáit chun ullmhú agus bainistiú a dhéanamh ar thionchar imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE. Cuirfidh muid rialuithe custam i bhfeidhm ar bhealach a thacaíonn le trádáil dhlisteanach, a fheabhsaíonn iomaíochas agus a thacaíonn le gnó agus rioscaí comhlíontachta á mbainistiú.

Leanfaidh muid ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Airgeadais i leith mholtaí an AE agus an OECD chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a bhaineann le digitiú agus cánachas idirnáisiúnta ar chuideachtaí. Déanfaidh muid iarracht torthaí a chosnóidh clú na hÉireann a mhúnlú agus an t-ualach comhlíontachta agus riaracháin ar cháiníocóirí a íoslaghdú.

Daoine & Struchtúir

Rialachas & Meastóireacht

Córais & Sonraí

Rannpháirtíocht Foirne a Dhoimhniú agus a bheith mar Eagraíocht Inoiriúnaithe

Infheisteoidh muid inár bhfoireann bainfidh muid úsáid as earcaíocht dhírithe chun a chinntiú go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta againn. Tabharfaidh muid tacaíocht dár bhfoireann trí rannpháirtíocht fhiúntach, trí shláinte agus folláine san ionad oibre a chur chun cinn agus trí dheiseanna le haghaidh forbairt ghairmiúil a chur ar fáil. Déanfaidh bainisteoirí ag gach leibhéal ár Luachanna, ár *gCairt um Rannpháirtíocht Fostaithe* agus ár *nDualgas Earnála Poiblí* a dhaingniú.

Leanfaidh muid orainn ag forbairt agus ag feabhsú ár gcuid struchtúr chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis na héilimh a bhaineann le timpeallacht atá de shíor ag athrú. Fiosróidh muid roghanna le haghaidh comhtháthú níos dlúithe idir bainistiú bailiúcháin agus fiachais agus gníomhaíochtaí bainistithe comhlíontachta eile.

Ár gCumas Digiteach a fhorbairt níos mó

Leanfaidh muid orainn ag infheistiú inár gcumas TFC. Déanfaimid athnuachan ar ár mbonn teicneolaíochta chun inbhuanaitheacht na seirbhísí a chuireann muid ar fáil agus ár bhfeidhmíocht a chinntiú. Leanfaidh muid orainn ag tabhairt tús áite dár dtiomantas do rúndacht cáiníocóirí agus dár ndualgais i leith Cosaint Sonraí, agus déanfaidh muid ár bpáirt i bhforbairt an Bhonneagair Sonraí Náisiúnta.

Cuntasacht as ár bhfeidhmíocht agus ár nGníomhaíochtaí

Leanfaidh muid orainn ag cur creataí rialachais chorparáidigh agus bainistíochta riosca i bhfeidhm a chuireann trédhearcacht chun cinn agus a chinntíonn cuntasacht. Oibreoidh muid chun muinín an phobail a choinneáil.

Leanfaidh muid ar aghaidh lenár ról in anailís beartais, ag obair leis an Roinn Airgeadais agus le páirtithe leasmhara eile. Láidreoidh muid ár meastóireacht ar éifeachtacht ár bhfeidhmíochta agus ar thionchar ár ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear bearta coisctheacha, ar iompar cáiníocóirí. Roinnfidh muid ár dtorthaí agus úsáidfídh muid na torthaí chun seachadadh agus feidhmíocht den scoth a chur chun cinn.